

# Ráiteas Slánchumhdach Leanaí Choláiste Bhríde

Is coláiste samhraidh Gaeltachta é Coláiste Bhríde a sholáthraíonn cúrsaí Gaeilge do scoláirí idir 10 mbliana agus 18 mbliana.

Faoi réir na riachtanais a fhaightear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017 agus Treoir Tusla ar Ráitis Cosaint Leanaí a ullmhú, chomhaontaigh Coiste Feidhmiúcháin Choláiste Bhríde ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí atá leagtha amach sa doiciméad seo.

- 1 Ghlac Coiste Feidhmiúcháin Choláiste Bhríde mar chuid den Ráiteas um Chosaint Leanaí ginearálta seo, le cáipéis na Roinne: Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017, agus cuirfidh sé i bhfeidhm é go hiomlán agus gan aon athrú
- 2 Is é Ardmháistir an Chúrsa an Phearsa Idirchaidrimh Ainmnithe (PIA)
- 3 Is é Rúnaí/Leas-Ardmháistir an Leas-Phearsa Idirchaidrimh Ainmnithe (LPIA)
- 4 Aithníonn an Coiste Feidhmiúcháin Choláiste Bhríde go mbaineann ceisteanna cosaint agus leas leanaí le gach gné de shaol scoile agus gur gá iad a léiriú i ngach ceann de bheartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí na scoile. Cloífidh an coláiste ina cuid beartas, nósanna imeachta, cleachtas agus gníomhaíochtaí leis na prionsabail dea-chleachtais seo a leanas i dtaca le cosaint agus leas leanaí:

Maidir leis an choláiste de:

- aithneoidh sí go bhfuil cosaint agus leas leanaí barrthábhachtach, beag beann ar gach ceist eile;
- cloífidh sí go hiomlán lena dualgais reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí agus faoi aon reachtaíocht ábhartha eile i dtaca le cosaint agus le leas leanaí;
- comhoibreoidh sí go hiomlán leis na húdaráis reachtúla chuí i dtaca le ceisteanna a bhaineann le cosaint agus le leas leanaí
- gabhfaidh sí chuici féin cleachtais shábháilte chun na féidearthachtaí go dtarlódh díobháil nó tairmí do leanaí a laghdú agus chun oibríthe a chosaint ó bheith ag glacadh rioscaí nach gá a d'fhéadfadh iad a fhágáil oscailte do líomhaintí mí-úsáide nó neamairt;
- forbróidh sí cleachtas oscailteachta le tuismitheoirí agus spreagfaidh sí na tuismitheoirí chun baint a bheith acu in oideachas a gcuid páistí; agus
- cloífidh sí go hiomlán le riachtanais rúndachta agus í ag plé le ceisteanna cosaint leanaí.

Cloífidh an coláiste fosta leis na prionsabail thuas i dtaca le haon scoláire aosach a bhfuil soghontacht speisialta ag baint leis.

- 5 Tá na nósanna imeachta / bearta seo a leanas faoi réir:

- I ndáil le haon bhall foirne arb é ábhar aon fhiosrúcháin é (cibé cén dóigh a gcuirtear síos air) i ndáil le haon ghníomh, faillí nó toisc i dtaca le páiste a dhéanann freastal ar an scoil, cloíonn an scoil leis na nósanna imeachta cuí atá leagtha amach i gCaibidil 7 de Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017 agus leis na nósanna imeachta araíonachta ábhartha aontaithe do bhaill foirne na scoile atá foilsithe ar shuíomh gréasáin ROS.
- I dtaca le roghnúchán nó le hearcaíocht na foirne agsu mná tí agus a n-oiriúnacht chun obair a dhéanamh le páistí, cloíonn an coláiste le riachtanais reachtúla ghrinnfhiosrúcháin na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 agus leis an treoir ginearálta um dhualgas cúraim atá leagtha síos i ngrinnfhiosrúchán an Gharda

Síochána agus i gclárúin chuí earcaíochta a d'fhoilsigh ROS agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ROS.

- I dtaca le soláthar faisnéise agus, mar is gá, teagasc agus oiliúint a sholáthar, do bhaill foirne agus do mhná tí maidir le heachtraí díobhála a aithint (faoi mar a shainmhínítear san Acht 2015) -
    - Thug an coláiste cóip de Ráiteas um Chosaint Leanaí na coláiste do gach ball foirne agus do gach bean a'tí
    - Cinntíonn an coláiste go bhfaigheann gach ball nua foirne cóip de Ráiteas um Chosaint Leanaí na coláiste.
    - Spreagann an scoil an fhoireann agus na mná tí chun tairbhe a bhaint as oiliúint ábhartha
    - Spreagann an coláiste baill den Choiste Feidhmiúcháin chun tairbhe a bhaint as oiliúint ábhartha
    - Coimeádann Coiste Feidhmiúcháin Choláiste Bhríde taifid de gach ócáid oiliúna a bhíonn ag baill foirne agus Coiste.
  - I dtaca le hábhair inní faoi chosaint leanaí a thuairisciú do Tusla, bíonn ar gach ball foirne cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach in Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017, lena n-áirítear i gcás múinteoirí cláraithe, iad siúd a bhaineann le tuairisciú faoi shainordú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí.
  - Sa choláiste seo tá an PIA thuas-ainmnithe ceaptha ag an mBord mar an “duine ábhartha” (mar a shonraítear san Acht um Thús Áite do Leanaí) le bheith ina chéad phointe teagmhála i dtaca leis an Ráiteas um Chosaint leanaí.
  - Faoi Acht um Thús Áite do Leanaí is daoine faoi shainordú gach múinteoir cláraithe atá fostaithe ag an scoil.
  - I gcomhréir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, rinne an Coiste Feidhmiúcháin measúnú ar aon dochar féideartha do pháiste le linn dóibh a bheith ar scoil nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile. Tá measúnú scríofa ina leagtar amach na réimsí riosca a aithníonn an scoil agus nósanna imeachta na scoile le déileáil leis na rioscaí sin curtha mar aguisín leis na nósanna imeachta seo.
  - Is féidir teacht ar na nósanna imeachta éagsúla a dtagraítear dóibh sa Ráiteas seo trí shuíomh gréasáin na scoile, ar shuíomh gréasáin ROS nó cuirfidh an scoil iad ar fáil ach iad a iarraidh.
- 6 Foilsítear an ráiteas seo in áit poiblí sa choláiste Tá sé ar fáil go furasta ag tuismitheoirí agus ag caomhnóirí ach é a iarraidh. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do Tusla agus don Roinn má iarrtar í.
- 7 Déanfar an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó chomh luath agus is féidir tar éis athrú ábhartha ar bith in aon cheist lena mbaineann an ráiteas seo.

Ghlac Coiste Feidhmiúcháin Choláiste Bhríde leis an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo ar 09 Feabhra 2019.

**Síniú:** *Seosamh Mac Cionnaíth*

Cathaoirleach an Choiste Feidhmiúcháin

**Dáta:** 9 Feabhra 2019

**Síniú:** \_\_\_\_\_

Príomhoide Cúrsa

**Dáta:** \_\_\_\_\_

# Measúnú Riosca ar Chosaint Leanaí i gColáiste Bhríde

## Measúnú Riosca Scríofa

De réir mhír 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus an riachtanais i gCaibidil 8 de *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017*, is é an méid seo a leanas Measúnú Riosca Scríofa Choláiste Bhríde

## Liosta na nGníomhaíochtaí sa Choláiste

- Teacht agus imeacht laethúil scoláirí
- Sosanna áineasa do scoláirí
- Teagasc is seomra ranga
- Teagasc duine le duine
- Comhairleoireacht duine le duine
- Gníomhaíochtaí teagaisc allamuigh
- Gníomhaíochtaí Spóirt
- Cuairteanna scoile
- Úsáid saoráidí leithris / athrú feistis
- Cúram páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear dlúthchúram nuair is gá
- Cúram scoláirí soghonta ar bith, lena n-áirítear dlúthchúram nuair is gá
- Iompraíocht dhúshlánach i measc scoláirí a bhainistiú, lena n-áirítear úsáid srian cuí nuair is gá
- Míochaine a thabhairt
- Cóireáil gharchabhrach a thabhairt
- Cosc ar Bhulaíocht agus déileáil le bulaíocht i measc scoláirí
- Oiliúint na mball foirne i gcúrsaí cosaint leanaí
- Cúram scoláirí a bhfuil soghontacht nó riachtanais ar leith ag baint leo amhail
  - Scoláirí ó mhionlaigh eitneacha / inimircigh
  - Baill den phobal Taistealaithe
  - Leanaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó trasinscneacha (Leanaí LEDT)
  - Scoláirí a mheastar a bheith LEDT
  - Scoláirí ó chreidimh reiligiúnacha mionlach
  - Leanaí faoi chúram
- Earcaíocht foireann scoile lena n-áirítear
  - Múinteoirí / CRSanna
  - Airíoch / Rúnaí / Glantóirí
  - Cuairteoirí / conraitheoirí i láthair sa scoil le linn imeachtaí iarscoile
- Úsáid na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide i measc scoláirí sa scoil
- Cur i bhfeidhm smachtbhannaí de réir Chód Iompair na scoile lena n-áirítear coinneáil siar scoláirí, coigistiú guthán srl.
- Scoláirí imithe ón scoil ag glacadh páirt i dtaithe oibre in áit eile
- Úsáid físeáin / grianghrafadóireachta / meáin eile chun imeachtaí scoile a thaifead

## **D'aithin Coláiste Bhríde na rioscaí dochair seo a leanas maidir lena chuid gníomhaíochtaí –**

- Baol nach n-aithneoidh pearsanra na scoile an díobháil
- Baol nach dtuairisceoidh pearsanra na scoile an díobháil mar is cuí agus go pras
- Baol go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil
- Baol go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil
- Baol go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir chun na scoile díobháil do leanbh sa scoil
- Baol go ndéanfadh ball de phearsanra na scoile, ball foirne nó ball eagraíocht eile díobháil do leanbh sa scoil agus iad ag glacadh páirt in imeachtaí lasmuigh den scoil m.sh. turas scoile, ceachtanna snámha
- Baol ar dhíobháil de bharr bulaíocht ar leanbh
- Baol ar dhíobháil de bharr maoirseacht easnamhach leanaí sa scoil
- Baol ar dhíobháil de bharr maoirseacht easnamhach leanaí agus iad ag freastal ar imeachtaí lasmuigh den scoil
- Baol ar dhíobháil de bharr caidreamh / cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus leanbh eile nó duine fásta
- Baol ar dhíobháil de bharr leanaí a bheith ag rochtain / ag úsáid ríomhairí, meáin shóisialta, fón agus gairis eile ar bhealach míchuí agus iad ar scoil
- Baol ar dhíobháil do leanaí a bhfuil RSO acu agus a bhfuil soghontacht ar leith ag baint leo
- Baol ar dhíobháil do leanbh nuair a bhíonn an leanbh faoi dhlúthchúram
- Baol ar dhíobháil de bharr cód iompair easpach
- Baol ar dhíobháil i suíomh teagaisc, comhairleoireachta cóitseála duine le duine
- Baol ar dhíobháil de bharr ball de phearsanra na scoile cumarsáid a dhéanamh le scoláirí ar bhealach míchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, gaireas digiteach nó ar mhodh eile
- Baol ar dhíobháil de bharr ball de phearsanra na scoile ábhar míchuí a rochtain / a chur i gcúrsaíocht trí na meáin shóisialta, téacsáil, gaireas digiteach nó ar mhodh eile

## **Tá na nósanna imeachta seo a leanas in áit ag Coláiste Bhríde chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí dochair a aithníodh sa mheasúnú seo –**

- Tugtar cóip do gach pearsanra scoile de *Ráiteas um Chosaint Leanáí* na scoile
- Cuirtear na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017* ar fáil do gach pearsanra scoile
- Bíonn ar phearsanra scoile cloí leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017* agus bíonn ar gach ball foirne cláraithe cloí leis an Acht um Thús Áite do Leanáí 2015
- Tá Beartas Frithbhulaíochta ag an scoil a chloíonn go hiomlán le riachtanais *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* na Roinne
- Tá beartas maoirseachta ag an scoil chun maoirseacht chuí ar leanaí a chinntiú le linn, tionóil, am imeachta agus sosanna i dtaca le limistéir ar leith amhail leithris, seomraí feistis srl.

- Tá beartas agus nósanna imeachta soiléire in áit ag an scoil i dtaca le cuairteanna scoile
- Tá beartas Sábháilteachta agus Sláinte ag an scoil
- Cloíonn an scoil le riachtanais reachtaíocht an Gharda Síochána agus chiorcláin chúí ROS maidir le hearcaíocht agus grinnfhiosrúchán na nGardaí
- Tá cód iompair do phearsanra scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc) ag an scoil.
- Cloíonn an scoil leis na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe don fhoireann teagaisc
- Tá beartas agus nósanna imeachta chun míochaine a thabhairt do scoláirí i bhfeidhm ag an scoil
- Chuige sin –
  - Thug an scoil cóip de Ráiteas um Chosaint Leanaí na scoile do gach ball foirne
  - Cinntíonn an scoil go bhfaigheann gach ball nua foirne cóip de Ráiteas um Chosaint Leanaí na scoile
  - Spreagann an scoil an fhoireann chun tairbhe a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Spreagann an scoil baill den Bhord Bainistíochta chun tairbhe a bhaint as oiliúint ábhartha
- Tá beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil i gcomhair Cóireáil Gharchabhrach a thabhairt
- Tá cód iompair do scoláirí i bhfeidhm ag an scoil
- Tá beartas TFC i bhfeidhm ag an scoil i ndáil le húsáid TFC i measc scoláirí
- Tá beartas fón póca i bhfeidhm ag an scoil i ndáil le húsáid fón phóca i measc scoláirí
- Tá Plean Bainistíochta Teagmhas Criticiúil i bhfeidhm ag an scoil
- Tá beartas agus nósanna imeachta soiléire i gcomhair comhairleoireacht ar bhonn duine le duine i bhfeidhm ag an scoil

Agus é ag thabhairt faoin measúnú riosca seo, d'fhéach an bord bainistíochta lena aithint chomh fada agus ab fhéidir na baol ar dhíobháil a bhaineann leis an scoil seo agus lena chinntiú go bhfuil nósanna imeachta fóna curtha faoi réir chun gach riosca a aithníodh a bhainistiú. Cé nach féidir gach baol díobhála a thuar ná a chealú, tá gnásanna i bhfeidhm ag an scoil a liostaítear sa mheasúnú riosca seo d'fhonn an riosca a bhainistiú chomh dian agus a laghdú chomh mór agus ab fhéidir.

Chuir an Bord Bainistíochta an measúnú riosca seo i gcrích ar 8 Feabhra, 2018. Déanfar é a athbhreithniú mar chuid d'athbhreithniú bliantúil na scoile ar a Ráitis um Chosaint Leanaí.

**Síniú Seosamh Mac Cionnaíth**  
Cathaoirleach an Choiste Feidhmiúcháin

**Dáta:** 9 Feabhra 2019

**Síniú Níall Ó Sluain**  
Rúnaí an Choiste Feidhmiúcháin

**Dáta:** 9 Feabhra 2019

## Ráiteas Measúnachta Riosca maidir le Cumhdach Leanaí

### Measúnacht Scríofa Choláiste Bhríde

De réir alt 11 den ailt um Thús Áite do Leanaí 2015 is mar a leanas an Mheasúnacht Riosca Scríofa Choláiste Bhríde Rann na Feirste

Cúrsaí cónaithe i nGaeltacht Thír Chonaill

Gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl i gColáiste Bhríde

- Cúrsaí Gaeilge ar feadh thréimhsí coicise/trí seachtaine
- Ranganna Gaeilge,
- Seisiún tráthnóna le Rince, Ceol , Cluichí, Turasanna agus trá.
- Seisiún oíche – Céilí, Dioscó, Tráth na gCeist, Drámaíocht, Ceolchoirmeacha agus araile.
- Lóistín agus béile ar feadh thréimhse an chúrsa

Measúnú riosca

Thugamar faoi mheasúnú ar aon bhaol go ndéanfar díobháil do leanbh a gcuirtear ár seirbhísí ar fáil dó/di. Tá liosta thíos de na limistéir riosca a sainithníodh chomh maith le liosta de na nósannaimeachta chun na rioscaí seo a bhainistiú.

	An riosca a sainithníodh	An nós imeachta atá i bhfeidhm chun riosca a sainithníodh a bhainistiú
	<b>Tá na rioscaí díobhála seo a leanas sonraithe ag an Teaghlach áitiúil (Lucht na dTithe) agus an coláiste i leith a cuid gníomhaíochtaí</b>	
	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>Ginireálta:</b></li> <li>• Tá cóip de Ráiteas an choláiste maidir le Cumhdach Leanaí faighte agus léite ón gcoláiste acu.</li> <li>• Tá na teaghlaigh cláraithe agus aitheanta ag an Roinn Cultúr, Oidhreacht agus Gaeltachta faoi scáth Scéim na bhFoghlaimoirí Teanga</li> <li>• Tá na príomh chúramóirí do na teaghlaigh ag cloí agus tá oiliúint déanta acu faoin Acht Thús Áite do Leanaí 2015</li> <li>• Déantar cinnte go bhfuil polasaithe agus rialacháin an choláiste maidir leis na Teaghlaigh Ghaeltachta (Bean an Tí) faighte agus léite acu ón gColáiste.</li> </ul>	
1	Riosca díobhála de bharr bulaíocht	Tá Beartas Frithbhulaíochta an Choláiste léite ag lucht na dtithe. Cloí le hamanna codlata an choláiste le doirse na seomraí codlata fágtha oscailte Solas fágtha ar sa halla/pasáiste le linn na hoíche
2	Riosca díobhála de bharr lóistín agus beathú na páistí	Lóistín leagtha amach de réir mar atá sé ceadaithe ag treoracha na roinne. Bia curtha ar fáil de réir biachlár an choláiste. Ailléirgí agus riachtanais speisialta beatha a bheith faighte i scríbhinn ó na tuismitheoirí agus ag an teaghlach roimh thús an chúrsa
3	Baol ar dhíobháil de bharr leanaí a bheith ag rochtain / ag úsáid ríomhairí, meáin shóisialta, fón agus firis eile ar bhealach míchuí agus iad sa teach	Cosc ar fhearais teicneolaíochta ar nós, Ríomhaire lapa agus fón cliste sa seomra leapa Cead úsáid an teileafón póca de réir polasaí an choláiste, agus i radharc an teaghlaigh. Fón pócaí i seilbh an teaghlaigh taobh amuigh de na hamanna sin.
4	Riosca díobhála de bharr taisteal agus gluaiseacht na páistí	Déantar cinnte go n-imíonn na páistí ar fad ón teach ag an am céanna, déantar seic go bhfuil siad ar fad tagtha ag an am céanna, ar maidin, sa tráthnóna agus san oíche Beidh sé ráite leis na scoláirí siúl ar thaobh an bhealaigh

		agus beidh orthu veist shofheicthe a chaitheamh san oíche. Beidh ar scoláirí ar an bhus fanacht i scuaine taobh thiar de na bacainní agus gan a bheith ag brú isteach. Beidh siad faoi mhaoirseacht cheannairí a fhad is a bhíonn siad ar an bhus agus beidh orthu fanacht ina suí, crios a chaitheamh agus a bheith múinte.
5	Riosca díobhála de bharr tinneas agus ailléirgí	Dáileadh Cógais agus cur síos ar an tinneas a bheith faighte ag bean a tí i scríbhinn ó na tuismitheoirí agus ag an teaghlach roimh thús an chúrsa Ailléirgí agus riachtanais speisialta beatha a bheith faighte i scríbhinn ó na tuismitheoirí agus ag an teaghlach roimh thús an chúrsa Ní bheidh sé ceadmhach ag scoláirí cógas a choinneáil i seomra leapa
6	Riosca díobhála de bharr easpa tuairisciú	Déantar cinnte go bhfuil ainm agus sonraí teagmhála an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) sa choláiste curtha i scríbhinn chucu roimh thús gach cúrsa más amhlaidh go bhfuil duine difriúil i gceist.
7	Riosca díobhála de bharr Alcól, Tóitíní agus substaintí eile mídhleathach	Airdeallach ar stóráil agus úsáid alcól, toitíní agus substaintí mídhleathach eile sa teach Airdeallach faoi aon chomhrá rúnda a bhíonn ar siúl ag na scoláirí. Aon amhras a thuairisciú le údaráis an choláiste
8	Riosca díobhála de bharr peataí an theaghlach áitiúil	Iarrtar ar na teaghlaigh peataí agus ainmhithe na teaghlaigh a bheith faoi smacht, nó istigh
9	Baol nach n-aithneoidh pearsanra an tí an díobháil	Tá oiliúint déanta acu faoin Acht Thús Áite do Leanaí 2015
10	Baol nach dtuairisceoidh pearsanra an tí an díobháil mar is cuí agus go pras	Déantar cinnte go bhfuil ainm agus sonraí teagmhála an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) sa choláiste curtha i scríbhinn chucu roimh thús gach cúrsa más amhlaidh go bhfuil duine difriúil i gceist.
11	Baol go ndéanfadh ball de bhunú an tí díobháil do leanbh	Tá Beartas Frithbhulaíochta an Choláiste léite ag lucht na dtithe. Tá cóip de Ráiteas an choláiste maidir le Cumhdach Leanaí faighte agus léite ón gcoláiste acu
12	Baol go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa teach	Tá Beartas Frithbhulaíochta an Choláiste léite ag lucht na dtithe. Solas fágtha ar sa halla/pasáiste le linn na hoíche Airdeallach faoi aon chomhrá rúnda a bhíonn ar siúl ag na scoláirí. Aon amhras a thuairisciú le údaráis an choláiste
13	Baol ar dhíobháil de bharr maoirseacht easnamhach leanaí sa teach	Muintir an tí a bheith airdeallach an t-am uilig.
14	Baol ar dhíobháil de bharr caidreamh / cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus leanbh eile nó duine fásta de bhunadh an tí	Tá cóip de Ráiteas an choláiste maidir le Cumhdach Leanaí faighte agus léite ón gcoláiste acu Tá Beartas Frithbhulaíochta an Choláiste léite ag lucht na dtithe.
15	Baol ar dhíobháil de bharr cód iompair easpach sa teach	Tá cóip de Ráiteas an choláiste maidir le Cumhdach Leanaí faighte agus léite ón gcoláiste acu Tá Beartas Frithbhulaíochta an Choláiste léite ag lucht na dtithe.

Sínithe ( Bean an Tí) \_\_\_\_\_

Dáta \_\_\_\_\_

1 Name of service being provided: Residential Irish Language Gaeltacht Course in Coláiste Bhríde, Rann na Feiste Co. Donegal.

2. Activities undertaken in Coláiste Bhríde

- Irish classes of two and three week duration.
- Irish Classes,
- Afternoon sessions: dance, music, tours, beach.
- Evening Sessions : Céilí, Disco, Quiz, Drama, Concerts, etc.
- Meals and lodgings in Dept. of the Gaeltacht approved houses for the duration of the course.a

3. Risk assessment

We have carried out an assessment of any potential for harm to a child while availing of our services.

Below is a list of the areas of risk identified and the list of procedures for managing these risks.

The following risks have been identified by the college and by the households keeping students in relation to the college activities.		
<b>General</b>		
<ul style="list-style-type: none"> <li>• A copy of the college child protection statement has been received by and read by each household.</li> <li>• All houses are registered and recognised by The Department of Culture, Heritage and Gaeltacht under the Language Learners Scheme.</li> <li>• The heads of households have received training under The Children First Act 2015 and they are abiding by it.</li> <li>• The college ensures that the policies regarding Gaeltacht Households keeping students have been seen and read in each household keeping students.</li> </ul>		
	Risk identified	Procedure in place to manage risk identified
1	Risk of harm as a result of bullying.	Tá Beartas Frithbhulaíochta an Choláiste léite ag lucht na dtithe. The college Anti Bullying Policy has been read by the households. Abide with bedtime rules of the college with bedroom doors open and a light left lit in passageways during the night.
2	Risk of harm as a result of accommodation or diet provided.	Lodgings laid out as outligned in Department of the Gaeltacht guidelines. Food provided in line with college guidelines. Allergies and special food requirements provided in written form by parents before the course and providing to bean an tí before course.
3	Risk of harm because of students accessing computers, social media, phones or other equipment in an unsuitable manner when in the lodging house.	Use of laptops , smartphone and other such equipment prohibited in bedrooms Use of phone limited to times laid down in college policy and in possession of bean an tí at all other times.



4	Risk of harm travelling to and from college.	Organised that students leave and return to accommodation together. Students instructed to walk on side of road and wear high vis vest. Students on buses to wait in queue behind barriers and not to push. Buses to be supervised by ceannairí ensuring students wear seatbelts and are mannerly.
5	Risk of harm because of sickness or allergy.	Description of medicines given in writing to bean an tí at start of course. Information on allergies and other special care items to be given in writing to bean an tí at start of course.
6	Risk of harm due to failure to make report.	Names and contact numbers of DLP and Deputy DLP given to houses at start of courses.
7	Risk of harm because of alcohol, cigarettes or illegal substances.	Alert to possible storage of alcohol, cigarettes or substances in the house. Alert to “secret conversations “ between students and any suspicions to be reported to the college officers immediately.
8	Risk of harm because of pets in the house.	Family pets or other animals to be kept under control or enclosed at all times.
9	Risk that a member of the household would not recognise a danger.	All households have undertaking Tusla e training.
10	Danger that a report will not be made in good time.	Names and contact numbers of DLP and Deputy DLP given to houses at start of courses.
11	Risk to students from member of the host household.	Colleges anti-bullying policy read by every household. Copy of college risk assessment read by every household.
12	Risk that another student will interfere with a student.	Colleges anti-bullying policy read by every household. No bedroom door closed, light in hallway left lit at night. Household vigilant about any “secret conversations “ between students, any suspicions reported to college authorities.
13	Risk because of lack of supervision in the house.	Household to be vigilant and perform their duties.
14	Risk because of inappropriate relationship between students or between student and adult in household.	Copy of college risk assessment read by every household. Colleges anti-bullying policy read by every household.
15	Risk because of lack of proper code of good behaviour in the house.	Colleges anti-bullying policy read by every household.

Signed ( Bean an Tí) \_\_\_\_\_

Date: \_\_\_\_\_